CREATIVE IRELAND

# FINGAL

# FINE GALL

ÉIRE ILDÁNACH

Culture and Creativity Plan 2017

*Plean Cultúir agus Cruthaitheachta 2017*

---

**creative.ireland.ie**

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*
2017–2022

# Creative Ireland Fingal
## *Éire Ildánach Fine Gall*

## Contents
ÁBHAR


| | | |
|---|---|---|
| Foreword | 4 | Réamhrá |
| The Creative Ireland Programme | 6 | Clár Éire Ildánach |
| The Creative Ireland Team in Fingal | 8 | An Fhoireann Éire Ildánach i bhFine Gall |
| Implementation | 10 | Cur i bhFeidhm |
| Projects for 2017 | 11 | Tionscadail le haghaidh 2017 |
| Promotional Events 2017 | 14 | Imeachtaí Poiblíochta 2017 |



Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

FIRST EDITION | AN CHÉAD EAGRÁN

# Foreword
## RÉAMHRÁ

I am delighted to launch the Culture and Creativity Plan 2017 for Fingal, which represents the beginning of a five year plan for the County spanning 2017- 2022, under the Creative Ireland Programme.

As the cornerstone of the Government's Legacy Programme for Ireland 2016, the Creative Ireland Programme will provide an opportunity for Fingal County Council to build on the success of last year's Centenary celebrations, and to harness the countywide, grassroots support and community engagement that characterised a year where Fingallians came together to tell the story of Fingal, a hidden story, for the first time.

We, in Fingal County Council, were inspired by the way people and community groups across the county joined us in support of the Fingal Centenary Programme by arranging and taking part in a broad range of activities from poetry, theatre, film, proclamation readings in Irish and English, commemorative tree planting ceremonies and historical re-enactments. A valuable legacy was generated for future generations through programme elements including the film *Fingal's Finest* and the potential archive collection uncovered through the Fingal Memorabilia Days.

Is cúis mhór áthais dom é Plean Cultúir agus Crutaitheachta 2017 le haghaidh Fhine Gall a sheoladh, a chuireann tús le plean cúig bliana don Chontae ag cuimsiú na tréimhse 2017- 2022, faoin gClár Éire Ildánach.

Mar bhunchloch ag Mórthionscnamh an Rialtais le haghaidh Éire 2016, cuirfidh an Clár Éire Ildánach an deis ar fáil do Chomhairle Contae Fhine Gall cur leis an méid a baineadh amach sa chomóradh Céad Bliain anuraidh, agus tacaíocht a mhúscailt ar fud na fíre, ón mbonn aníos, le haghaidh rannpháirtíocht an phobail, a bhí le sonrú sa chomóradh sin mar ar tháinig muintir Fhine Gall le chéile chun scéal Fhine Gall a insint agus a thabhairt chun solais den chéad uair.

Fuaireamar, i gComhairle Contae Fhine Gall, inspioráid ón gcaoi a ndearna daoine agus grúpaí pobail ar fud na tíre tacú le Clár Comórtha Céad Bliain Fhine Gall agus páirt a ghlacadh i raon leathan gníomhaíochtaí – idir fhilíocht, dhrámaíocht, scannánaíocht, léamha den fhorógra i nGaeilge agus i mBéarla, agus cur crann, maille le hathachtú stairiúil. Fágadh oidhreacht luachmhar do na glúnta a thiocfaidh inár ndiaidh trí ghnéithe den chlár lena n-áirítear an scannán *Fingal's Finest* and the fight for Irish Freedom, agus an bailiúchán cartlainne a tiomscaíodh trí mheán ócáidí na Fingal Memorabilia Days.



The Council has exciting plans for a new Civic and Cultural Centre in Swords, which will be a centre of excellence for the arts and creativity in the Swords area and environs. Initial consultations with stakeholder groups have commenced in relation to this development.

I hope that our citizens will now embrace the Creative Ireland programme in the same way to harness creativity, which we know exists within our communities, using it in a positive way to make Fingal an even better place to live, work, visit and do business in.

**Cllr Darragh Butler**
Mayor of Fingal

Tá pleananna spreagúla ag an gComhairle chun ionad nua Saoránachta agus Cultúir a bhunú i Sord, a bheidh ina ionad barr feabhais le haghaidh na n-ealaíon agus na cruthaitheachta do Shord agus don cheantar máguaird. Tá tús curtha cheana féin le comhairliúcháin le grúpaí de pháirtithe leasmhara maidir leis an bhforbairt seo.

Tá súil agam go ndéanfaidh ár saoránaigh uile anois glacadh go hiomlán leis an gClár Éire Ildánach ar an gcaoi chéanna agus leas a bhaint as an gcruthaitheacht chéanna, atá ann anois inár bpobail, agus í a úsáid ar bhealach dearfach chun Fine Gall a dhaingniú mar áit den chéad scoth le bheith ag cónaí inti, ag obair inti, ar cuairt inti nó ag déanamh gnó inti.

**An Comhairleoir Darragh Butler**
Méara Fhine Gall

# Foreword
## RÉAMHRÁ

The Creative Ireland Programme is the Government's Legacy Programme for Ireland 2016 – a five-year initiative, from 2017 to 2022, which places creativity at the centre of public policy. It is a high-level, high-ambition, all-of-government initiative to mainstream creativity in the life of the nation so that individually and collectively, in our personal lives and in our institutions, we can realise our full creative potential.

The Creative Ireland Programme is a culture-based programme designed to promote individual, community and national wellbeing. The core proposition is that participation in cultural activity drives personal and collective creativity, with significant implications for individual and societal wellbeing and achievement.

The Creative Ireland Programme is also the main implementation vehicle for the priorities identified in the Government's policy document, Culture 2025– Éire Ildánach, which states that arts and culture are intrinsic to the Irish State, acknowledges the need to increase access to and participation in the arts, boost our creative industries, and preserve our heritage with a particular focus on language, landscape and the environment.

The programme is built around the themes of identity, culture and citizenship. The core operating principles are Collaboration and Communication, Community Empowerment, and Internationalisation.

Is Clár Oidhreachta de chuid an Rialtais é an Clár Éire Ildánach 2016 – tionscnamh cúig bliana, don tréimhse 2017 go 2022, a chuireann an chruthaitheacht ag croílár an bheartais phoiblí. Is tionscnamh ardleibhéil, uaillmhianach, trasrialtais é chun an chruthaitheacht a thabhairt isteach sa phríomhshruth i ngach gné de shaol an náisiúin ionas go mbeimís in ann barr ár gcumais chruthaithigh a bhaint amach, bíodh sin ar bhonn aonair nó i gcomhar le daoine eile, inár saol pearsanta agus inár n-institiúidí.

Is clár é an Clár Éire Ildánach atá bunaithe ar chultúr, clár arna cheapadh chun cur chun cinn a dhéanamh ar an bhfolláine indhibhidiúil, phobail agus náisiúnta. Is é croíchuspóir an chláir go ndéanfadh rannpháirtíocht sa ghníomhaíocht chultúrtha an chruthaitheacht phearsanta agus chomhchoiteann a thiomáint, a mbeadh impleachtaí suntasacha aige d'fholláine agus do ghnóthachtáil an duine aonair agus an phobail.

Tá Éire Ildánach ar an bpríomhuirlis do chur i bhfeidhm na dtosaíochtaí arna sonrú i ndoiciméad beartais an Rialtais, Cultúr 2025– Éire Ildánach, ina ndearbhaítear go bhfuil na healaíona agus an cultúr ina mbunchodanna de Stát na hÉireann, ina n-admhaítear go bhfuil gá cur leis an rochtain atá ag daoine ar na healaíona agus leis an rannpháirtíocht sna healaíona, ina spreagtar ár dtionscail chruthaitheacha, agus ina gcaomhnaítear ár n-oidhreacht, le fócas ar leith ar an teanga, ar an tírdhreach agus ar an timpeallacht.

Ceapadh an clár mórthimpeall na dtéamaí céannacht, cultúr agus saoránacht. Is iad Comhoibriú agus Cumarsáid, Cumhachtú an Phobail agus Idirnáisiúnú na croíphrionsabail oibriúcháin.

Local authorities have a crucial role in the overall local delivery of the entire Creative Ireland Programme and are exclusively mandated, through their culture teams, to deliver Pillar 2 of the programme – Enabling Creativity in Every Community. This devolution of responsibility for Creative Ireland to local authorities is inspired by the extraordinary impact of collaborative local authority co-ordinated projects for the centenary of 1916. This Plan sets out the beginning of Fingal's part in this five-year journey, a truly important national policy initiative centred on culture and wellbeing.

Fingal is defined by a unique natural heritage of coastline, waterways, landscape and wildlife, and a rich cultural heritage of local history, music and folklore. The county has strong traditions of horticulture, agriculture and fishing coupled with a rich heritage dating back thousands of years, from the passage tombs of Bremore to medieval settlements such as Swords and Lusk, and castles like Malahide and Ardgillan. With an 88km coastline stretching from Howth to north of Balbriggan, three large protected estuaries and salt marsh habitats with 13 major beaches, our natural heritage has a strong conservation and amenity value.

But our greatest resource is our people. Fingal has the third biggest, fastest growing and youngest population in Ireland. We have a well-educated and skilled workforce to support economic development and innovation. The county is ethnically and culturally diverse with 18.3% of the population born outside of Ireland. The vibrancy and diversity of our culture is one of our greatest assets, but integration is one of our biggest challenges.

Tá ról ríthábhachtach ag údaráis áitiúla i gcur i bhfeidhm foriomlán an Chláir Éire Ildánach agus tá an dualgas orthusan amháin, trína bhfoirne cultúir, Crann Taca 2 den chlár a chur i bhfeidhm – Cruthaitheacht a Chumasú i nGach Pobal. Sannadh an fhreagracht sin as Éire Ildánach ar na húdaráis áitiúla mar gheall ar an tionchar dochreidte a bhí ag tionscadail chomhoibritheacha chomhordaithe an údaráis áitiúil do chomóradh céad bliain 1916. Leagtar amach sa Phlean seo tús aistear cúig bliana Fhine Gall, tionscnamh beartais an-tábhachtach agus náisiúnta atá lárnaithe ar an gcultúr agus ar an bhfolláine.

Is áit ar leith í Fine Gall, atá sainithe ag a hoidhreacht nádúrtha ar an gcósta, lena huiscebhealaí, a tírdhreach agus a fiadhúlra féin, le cultur saibhir staire, ceoil agus béaloidis. Tá traidisiúin láidre ag an gcontae sa ghairneoireacht, sa talmhaíocht agus san iascaireacht chomh maith le hoidhreacht shaibhir a shíneann siar na mílte blianta, mar ar tógadh tuamaí pasáiste Bhrí Mhór agus lonnaíochtaí meánaoiseacha amhail Sord agus Lusca, agus caisleáin amhail Caisleán Mhullach Íde agus Caisleán Ard Giolláin. Tá 88km de chósta ag an gcontae ag síneadh ó Bhinn Éadair chuig tuaisceart Bhaile Brigín, chomh maith le trí cinn d'inbhir agus de ghnáthóga riasc goirt le 13 mhóthrá – is léir mar sin go bhfuil oidhreacht nádúrtha againn a bhfuil luach mór ag baint léi ó thaobh an chaomhantais agus an chonláiste de.

Ach is iad na daoine an acmhainn is mó atá ag Fine Gall – an daonra is tapúla fás agus is óige in Éirinn agus an tríú daonra is mó. Tá fórsa oibre ardoilte aigainn a thacaíonn leis an bhforairt eacnamaíoch agus leis an nuálaíocht. Tá an contae ilchineálach go heitneach agus go cultúrtha freisin agus rugadh 18.3% den daonra lasmuigh d'Éirinn. Tá beogacht agus ilchineálachas ár gcultúir ar cheann dár sócmhainní is tábhachtaí, ach bhí

During the Centenary Commemorations, it became evident in Fingal, as it did across the country, that people have a strong desire to engage with culture and arts.  This is reinforced by recent research commissioned by Fingal County Council which revealed the things people value and regard as distinctive about Fingal include its heritage, culture and open spaces. This was also reflected in the high level of interest and enthusiasm at the Fingal Creative Ireland Public Information meeting, which had strong attendance from the arts, culture and heritage sectors within the county, as well as community groups and members of the public.

Under the Creative Ireland Programme, our responsibility as a Council is to deliver the second of the five pillars and encourage creativity within our community. Through our staff, we will take a strategic approach by collaborating with stakeholders to create the energy and momentum required to broaden and deepen opportunities for everyone to engage with culture and creativity in order to enhance individual and collective wellbeing throughout Fingal. Together we will develop inclusive programmes that provide opportunities for people of all ages and backgrounds to develop their creativity and enhance their wellbeing through engaging in culture and arts in the broadest sense.

an t-imeascadh ar cheann de na dúshláin ba mhó a raibh orainn aghaidh a thabhairt air.

Le linn an Chomóraidh Céad Bliain, tháinig sé chun solais i bhFine Gall, mar a tháinig ar fud na tíre, go bhfuil dúil mhór ag daoine páirt a ghlacadh sa chultúr agus sna healaíona. Ba léir gur fíor é seo ón taighde arna choimisiúnú ag Comhairle Contae Fhine Gall a léirigh go samhlaíonn daoine luach ard a bheith ag baint le hoidhreacht Fhine Gall agus go measann siad í a bheith an-saintréitheach, lena n-áirítear oidhreacht, cultúr agus spásanna oscailte Fhine Gall. Ba léir go raibh sé sin fíor freisin sa leibhéal ard spéise agus inspreagthachta a léirígh i gcruinniú Faisnéise Poiblí Éire Ildánach i bhFine Gall, a raibh slua maith ag freastal air ó earnalacha na n-ealaíon, an chultúir agus na hoidhreachta sa chontae, agus ó ghrúpaí pobail agus baill den phobal.

Faoin gClár Éire Ildánach, an fhreagracht atá orainne mar Chomhairle ná an dara ceann de na cúig chrann taca a chur i bhfeidhm agus cruthaitheacht a spreagadh inár bpobal. Trí mheán ár bhfoirne, glacaimid chugainn féin cur chuige straitéiseach trí chomhoibriú le páirtithe leasmhara chun fuinneamh a chothú a bhfuil gá leis chun deiseanna a leathnú amach agus a dhéanamh níos téagartha ionas go mbeidh gach duine in ann páirt a ghlacadh sa chultúr agus sa chruthaitheacht d’fhonn feabhas a chur ar fholláine indibhidiúil agus chomhchoiteann ar fud Fhine Gall. I gcomhar lena chéile forbróimid cláir chuimsitheacha a chuirfidh deiseanna ar fáil do dhaoine de gach aois agus ó gach cúlra a gcruthaitheacht a fhorbairt agus feabhas a chur ar a bhfolláine trí pháirt a ghlacadh sa chultúr agus sna healaíona sa chiall is leithne.

The newly formed Creative Culture Team in the Council, which brings together expertise in arts, heritage, biodiversity, conservation, community, sport, libraries, technology and tourism, will lead our efforts to increase engagement for all of our citizen with a wide variety of creative areas across our programmes and collaborations. We are ready to take on this challenge over the next five years because we firmly believe that the implementation of the Creative Ireland programme will lead to a better Fingal. If you want to join us on this journey please email creativefingal@fingal.ie

Paul Reid
Chief Executive

Ar an bhfoireann nuabhunaithe Cultúir Chruthaithigh, tá saineolaithe ó na réimsí seo a leanas: na healaíona, oidhreacht, bithéagsúlacht, caomhantas, pobal, spóirt, leabharlanna, teicneolaíocht agus turasóireacht. Le cúnamh na bhfoirne sin cuideoimid lenár saoránach páirt a ghlacadh i raon leathan gníomhaíochtaí i réimsí cruthaitheacha ar fud ár gclár agus ár dtionscnamh comhoibritheach. Táimid ullamh chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo thar an gcéad chúig bliana eile mar go bhfuilimid den tuairim go n-eascróidh Fine Gall níos fear as cur i bhfeidhm an Chláir Éire Ildánach. Más mian leatsa teacht linn ar an aistear seo téigh i dteagmháil linn ach ríomhphost a chur chuig creativefingal@fingal.ie

Paul Reid
Príomhfheidhmeannach

# The Creative Ireland Team in Fingal
## FOIREANN ÉIRE ILDÁNACH FINE GALL

The Culture Team will lead the development and implementation of a Creative Ireland Programme for Fingal, to inspire others to participate in cultural activity, in order to drive personal and collective creativity and wellbeing. The team will promote the Programme both within the Council and across the community of Fingal and collaborate with internal and external stakeholders to maximise widespread awareness of, and engagement with, the Creative Ireland Programme in Fingal. The Chief Executive will act as champion for the Programme and promote stakeholder engagement, both internal and external to the Council.

The team will be coordinated by Eithne Mallin, one of 31 national coordinators who work as a national team to deliver the Creative Ireland Programme. Each team member will bring a report to their monthly Departmental meeting. The Creative Culture Team will report to the Arts, Culture, Heritage & Community Strategic Policy Committee on a quarterly basis. The Chief Executive will report on a monthly basis to the full Council meeting on the progress of the Creative Fingal Programme.

Déanfaidh an Fhoireann Cultúir forbairt agus cur i bhfeidhm an Chláir Éire Ildánach a stiúradh, chun daoine eile a spreagadh le páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht chultúrtha seo, d'fhonn cruthaitheacht agus folláine phearsanta agus chomhchoiteann a thiomáint. Cuirfidh an fhoireann an Clár chun cinn laistigh den Chomhairle agus ar fud phobal Fhine Gall agus déanfaidh sí comhoibriú le páirtithe leasmhara seachtracha chun an méid feasachta agus is féidir a spreagadh, chomh maith le rannpháitíocht le Clár Éire Ildánach i bhFine Gall. Beidh an Príomhfheidhmeannach ina chrann taca don Chlár agus cuirfidh sé chun cinn rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara, laistigh agus lasmuigh den Chomhairle.

Déanfaidh Eithne Mallin comhordú ar an bhfoireann, atá ar dhuine de 31 chomhordaitheoir náisiúnta a oibríonn mar fhoireann náisiúnta chun an Clár Éire Ildánach a chur i bhfeidhm. Tabharfaidh gach ball foirne tuairisc leo chuig an gcruinniú míosúil Roinne. Tuairisceoidh an Fhoireann Éire Ildánach don Choiste um Beartas Straitéiseach maidir le hEalaíona, Cultúr agus Oidhreacht gach ráithe. Tuairisceoidh an Príomhfheidhmeannach gach mí don chruinniú iomlán den Chomhairle ar dhul chun cinn an Chláir Éire Ildánach.



The full members of the Culture Team in Fingal are:

Seo a leanas baill iomlána Fhoireann Cultúir Fhine Gall:

### Margaret Geraghty,

**Director of Services, Housing and Community Department, Fingal County Council,**

As Director of Services in the Housing and Community Department, Margaret is a key member of the Council's Management Team, responsible for Housing Strategy, Housing Needs Assessment. Margaret is also responsible for libraries, community development and facilities, arts, culture and sports and the Creative Ireland Programme for Fingal.

**Stiúrthóir Seirbhísí, an Roinn Tithíochta agus Pobail, Comhairle Contae Fhine Gall**

Mar Stiúrthóir Seirbhísí sa Roinn Tithíochta agus Pobail, tá Margaret ina príomhbhall d'Fhoireann Bainistíochta na Comhairle, agus tá sí freagrach as Straitéis Tithíochta, agus Measúnú ar Riachtanais Tithíochta. Tá Margaret freagrach freisin as leabharlanna, as forbairt pobail agus saoráodí, as ealaíona, cultúr agus spóirt agus as Clar Éire Ildánach le haghaidh Fhine Gall.

### Eithne Mallin

**Eithne Mallin, Administrative Officer, Fingal County Council's Community, Culture and Sports Division.**

Eithne is Coordinator for Special Projects including Commemorations and Creative Ireland Programme. Her portfolio also includes the Fingal Age Friendly Cities and Counties Programme

**Oifigeach Riaracháin, Rannán Pobail, Cutúir agus Spóirt, Comhairle Contae Fhine Gall.**

Is í Eithne an Comhordaitheoir le haghaidh Tionscadail Speisialta lena n-áirítear Comórthaí agus an Clár Éire Ildánach. Áirítear ina punann Cathracha Cairdiúla Fhine Gall agus Clár na gContae.

### Janette Scott

**Staff Officer, Community, Culture & Sport Division**

Secretariat

**Oifigeach Foirne, An Rannán Pobail, Cultúir & Spóirt**

Rúnaíocht

### Cllr Anne Devitt

**Strategic Policy Committee Chair, Arts, Heritage, Culture & Community**

Councillor Anne Devitt is an elected representative for the Swords area. In addition to chairing the Arts, Heritage, Culture & Community Strategic Policy Committee, Cllr Devitt has been the political representative of Fingal County Council to the ARC since Fingal joined in 2001. Cllr Devitt was the first chairperson of the newly formed Northern Area Health Board and held that position over a two year period. Since 2012 Cllr Devitt is an honorary President, as well as a Member of the ARC Executive Committee.

**Cathaoireach ar an gCoiste um Beartas Straitéiseach um Ealaíona, Oidhreacht, Cultúr & Pobail**

Toghadh an Comhairleoir Anne Devitt mar ionadaí do limistéar Shoird. Chomh maith lena cathaoirleacht ar an gCosite um Beartas Straitéiseach maidir le hEalaíona, Oidhreacht, Cultúr & Spóirt bhí an Comhairleoir Devitt ina hionadaí polaitiúil le haghaidh Chomhairle Contae Fhine Gall do ARC ó ghlac Fhine Gall ballraíocht leis sa bhliain 2001. Bhí an Comhairleoir Devitt ar an gcéad chathaoirleach ar an mBord Sláinte nuabhunaithe le haghaidh limistéar an Tuaiscirt agus bhí an post sin aici ar feadh tréimhse dhá bhliain. Ó 2012 i leith bhí an Comhairleoir Devitt ina hUachtarán Oinigh, chomh maith le bheith ina ball de Choiste Feidhmiúcháin ARC.

## Colm McQuinn

**Archivist, Libraries Department**

Colm McQuinn has been the Archivist for Fingal County Council since 2004. with responsibility for the archives of Fingal and Dublin County Council, and their predecessors. Fingal Local Studies and Archives also acquire, records and archives relating to the Fingal area from private individuals, landed estates, businesses and organisations, to which access is then provided to researchers. Colm is also involved in a number of digitization projects, including the Fingal 1916 Digital Repository.

**Carltannaí, Roinn na Leabharlann**

Tá Colm McQuinn ina Chartlannaí le haghaidh Chomhairle Contae Fhine Gall ó bhí 2004 ann. Tá freagracht air as cartlanna Fhine Gall agus Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath, agus a réamhtheachtaithe. Chomh maith leis sin faigheann Staidéir Áitiúla Fhine Gall taifid agus cartlanna a bhaineann le limistéar Fhine Gall ó dhaoine ar bhonn príobháideach, ó eastáit, ó ghnóthaí agus ó eagraíochtaí, agus ansin cuirtear rochtain orthu ar fáil do thaighdeoirí. Chomh maith leis sin bíonn Colm i mbun tionscadail dhigitithe, lena n-áirítear Taisclann Dhigiteach 1916 Fhine Gall.

## Pat Boyle

**Senior Architect, Architects Department**

Pat Boyle is a graduate of University College Dublin and a registered architect with responsibility for the civic and public buildings portfolio. Current projects include Swords Cultural Quarter, upgrades and conservation at various heritage properties and community and corporate buildings.

**Ailtire Sinsearach, Roinn na nAiltirí**

Is céimí é Pat Boyle de Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus tá sé ina ailtire cláraithe a bhfuil freagracht air as an bpunann d'fhoirgneamh saoránach agus poiblí. I measc na bpunann reatha tá Ceathrú Cultúir Shoird, uasghráduithe agus caomhantas ag áitribh éagsúla oidhreachta agus foirgnimh phobail agus chorparáideacha

## Fergus Healy

**Systems Analyst, IT Department**

Fergus Healy has over 20 years' experience in the ICT sector. He has designed and developed ICT solutions for many public sector organisations during that time. Fergus's current projects include the re-design and enhancement of Fingal County Councils' customer service offerings through the use of technology. He has a keen interest in Coding, Electronics, Multimedia, Modular Sound Synthesis and Electronic Music Production. As part of Fingal's Creative Ireland programme, Fergus will explore creative opportunities afforded by 'Disruptive Technologies'

**Anailísí Córas, An Roinn TF**

Tá breis is 20 bliain de thaithí ag Fergus Healy san earnáíl TFC. Dhear agus d'fhorbair sé réitigh TFC le haghaih an iliomad eagraíochtaí san earnáil phoiblí le linn an ama sin. I measc thionscadail reatha Fergus tá athdhearadh agus feabhsú ar a bhfuil le tairiscint ag Comhairle Contae Fhine Gall ó thaobh na seirbhíse do chustaiméirí trí úsáid na teicneolaíochta. Tá spéis aige sa Chodú, sa Leistreonaic, i Sintéis na Fuaime Modulaí agus i dTáirgeadh Ceoil Leictreonaigh. Mar chuid den chlár Éire Ildánach, déanfaidh Fergus iniúchadh ar na deiseanna atá ann ag eascairt ó na 'Teicneolaíochtaí Suaiteacha'.



## Deirdre Sinclair

**Administrative Officer, Economic, Enterprise & Tourism Development**

Deirdre Sinclair has a range of responsibilities in the areas of heritage properties, aspects of the Fingal Tourism Strategy 2015-2018 and events, including the Dublin Bay Prawn Festival and Flavours of Fingal. Deirdre works collaboratively to develop partnerships with regional and national events to profile Fingal and to support the development of new events in the County.

**Oifigeach Riaracháin, An Roinn Eacnamaíochta, Fiontair & Turasóireachta**

Tá raon freagrachtaí ar Dheirdre Sinclair sna réimsí seo: oidhreacht, réadmhaoin, gnéithe de Straitéis Turasóireachta Fhine Gall 2015-2018 agus imeachtaí, lena n-áirítear an Fhéile Dublin Bay Prawn agus Flavours of Fingal. Oibríonn Deirdre i gcomhar le dreamanna eile chun compháirtíochtaí a fhorbairt le himeachtaí réigiúnacha agus náisiúnta chun próifíl Fhine Gall a ardú agus chun tacú le forbairt imeachtaí nua sa Chontae.

## Gerry Clabby

**Heritage Officer, Strategic Policy Unit Planning**

Gerry Clabby is the Council's Heritage Officer. He is responsible for the development and implementation of the Fingal Heritage Plan and contributes to heritage, green infrastructure and environmental issues across the Council. Gerry also facilitates the work of the Fingal Heritage Network which brings heritage groups and organisations together from across Fingal.

**Oifigeach Oidhreachta, An tAonad um Beartas Straitéiseach – Pleanáil**

Is é Gerry Clabby Oifigeach Oidhreachta na Comhairle. Tá sé freagrach as forbairt agus cur i bhfeidhm Phlean Oidhreachta Fhine Gall agus bíonn ionchur aige i saincheisteanna oidhreachta, bonneagair ghlais agus comhshaoil ar fud na Comhairle. Déanann Geary éascú freisin ar obair Líonra Oidhreachta Fhine Gall a thugann le chéile grúpaí agus eagraíochtaí oidhreachta ar fud Fhine Gall.

## Gerry McDermott

**Communications Officer, Corporate Affairs**

Gerry McDermott has been Media and Communications Manager at Fingal County Council for over a year having joined from the Football Association of Ireland. Prior to that he had a long and varied career in journalism working in print and broadcasting at national and local level.

**Oifigeach Cumarsáide, Gnóthaí Corparáideacha**

Tá Gerry McDermott ina Bhainisteoir Meáin agus Cumarsáide ag Comhairle Contae Fhine Gall le breis is bliain anuas agus d'oibrigh sé roimh sin le Cumann Peile na hÉireann. Roimhe sin, bhí gairm fhada éagsúlaithe aige ag obair i réimse na hiriseoireachta clóite agus na craoltóireachta ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil araon.

## Helena Bergin

**Architectural Conservation Officer, Architects Department**

Helena's role as Architectural Conservation Officer is to provide professional advice and guidance on the repair of and/or sensitive re-development of the historic building stock and significant architectural heritage to members of the public, private property owners and Council staff as Fingal County Council has a sizable portfolio of historic buildings within its ownership including the flagship heritage properties of Malahide Castle, Ardgillan Castle, Newbridge House, Skerries Mills and Swords Castle.

**Oifigeach Caomhantais Ailtireacha, Roinn na nAiltirí**

Is é an ról atá ag Helena mar Oifigeach Caomhantais Ailtireachta ná comhairle agus treoir ghairmiúil a sholáthar maidir le deisiú agus/nó forbairt íogair a dhéanamh ar an stoc d'fhoirgnimh stairiúla agus ar an oidhreacht shuntasach ailtireachta do bhaill an phobail, d'úinéirí príobháideacha maoine agus d'fhoireann na Comhairle sa mhéid go bhfuil punann mhór d'fhoirgnimh stairiúla faoi úinéireacht Chomhairle Contae Fhine Gall lena n-áirítear áitribh cheannródaíochta eadhon Caisleán Mhullach Íde, Caisleán Ard Giollán, Teach an Droichid Nua, Muilte na Sceirí agus Caisleán Shoird.

## Íde de Bairtiséil

**Senior Executive Officer, working in the Community, Culture & Sports Division**

Íde de Bairtiséil's role includes responsibility for the delivery of the functions of the Arts Office, Sports Office, Community Development Office and other special projects including the Age Friendly Programme and the Creative Ireland Programme

**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, ag obair sa Roinn Pobail, Cultúir & Spóirt**

Áirítear i measc dhualgais ról Íde de Bairtiséil an fhreagracht as feidhmeanna na hOifige Ealaíon, Spóirt agus Forbartha Pobail a chomhlíonadh chomh maith le tionscadail speisialta lena n-áirítear an Clár Aoisbháúil agus an Clár Éire Ildánach.

## Rory O'Byrne

**County Arts Officer - Community, Culture & Sports Division**

Rory O'Byrne has been County Arts Officer with Fingal County Council since 1994. Rory is responsible for managing the Councils arts office and staff, developing and implementing the Councils arts development plans, which is required under legislation, and managing the annual arts budget, dispensing grants, bursaries and awards, and advising Council of all cultural matters.

**Oifigeach Ealaíon an Chontae – An Rannán Pobail, Cultúir & Spóirt**

Tá Rory O'Byrne ina Oifigeach Ealaíon don Chontae le Comhairle Contae Fhine Gall ó bhí 1994 ann. Tá Rory freagrach as bainistiú a dhéanamh ar oifig agus foireann ealaíon na Comhairle agus ar phleananna forbartha ealaíonn a Comhairle a chur i bhfeidhm, de réir mar a cheangalítear ar an gComhairle a dhéanamh faoin reachtaíocht, agus as bainistiú a dhéanamh ar an mbuiséad bliantúil ealaíon, deontais, sparánachtaí agus dámhachtainí a dháileadh agus as comhairle a chur ar an gComhairle faoi chúrsaí cultúir i gcoitinne.



## Sinead Wiley

**Senior Community Officer - Community, Culture & Sports Division**

Sinead Wiley's primary responsibility is the delivery of the Community Development Office Strategic Plan. Sinead holds an undergraduate degree in Social Science from University College Cork and Postgraduate in Community & Rural Development from University College Dublin. She has over 18 years experience and operational practice in the community development sector.

**Príomhoifigeach Pobail – An Roinn Pobail, Cultúir & Spóirt**

An phríomhfhreagracht atá ar Shinead Wiley ná Plean Straitéiseach na hOifig eForbartha Pobail a chur i bhfeidhm. Tá céim ag Sinead san Eolaíocht Shóisialta ó Choláiste na hOllscoile Corcaigh agus Iarchéim san Fhorbairt Pobail & Tuaithe ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Tá breis is 18 mbliana de thaithí agus de chleachtas oibríochtúil aici in earnáil na forbartha pobail.

## Yvonne O'Brien

**Senior Executive Librarian. PR, Cultural and Educational Programming; Library Information and Communications Technology (ICT) and Library Facilities management.**

Yvonne O'Brien works collaboratively to deliver a supportive library service that will empower individuals and communities to reach their potential at every life stage. Yvonne led and delivered Fingal Libraries Early Years Literacy Strategy (November 2013), numerous collaborative and creative reader development programmes and a pilot Makerspace, which includes a 3D printing service and STEM workshops and seminars. The Creative Ireland initiative is an opportunity to embed a fuller STEM programme in Fingal Libraries.

**Leabharlannaí Sinsearach Feidhmiúcháin. Caidreamh Poiblí, Cultúr agus Oideachas, TFC Leabharlainne agus bainistiú Saoráidí Leabharlainne.**

Oibríonn Yvonne O'Brien i gcomhar le dreamanna eile chun seirbhís thacúil leabharlainne a sholáthar a dhéanfaidh daone aonair agus pobail a chumhachtaí chun barr a gcumais a bhaint amach ag céim an-luath sa saol. Bhí Yvonne i gceannas Straitéis Luathbhlianta Leabharlanna Fhine Gall (Samhain 2013), an iliomad clár comhoibritheach agus cruthaitheach léiteoireachta agus clár píolótach Makerspace, a áiríonn seirbhís phriontála 3D agus ceardlana agus seimineáir STEM. Cuireann an tionscnamh Éire Ildánach an deis ar fáil an clár STEM a leabú níos mó i gclár Leabharlanna Fhine Gall.

## Marion Brown

**Principal Sports Development Officer - Community, Culture & Sports Division**

Marion Brown oversees the work of the Sports Development Office and is responsible for a wide range of sports initiatives for schools and the wider community. Marion is also the Sports Co-ordinator for the Fingal Sports Partnership.

Fingal County Council's Creative Culture Team can be contacted by emailing creativefingal@fingal.ie

**Príomhoifigeach Spóirt – an Rannán Pobail, Cultúir & Spóirt**

Déanann Marion Brown maoirseacht ar obair na hOifige Forbartha Spóirt agus tá sí freagrach as raon leathan tionscnamh le haghaidh scoileanna agus an phobail i gcoitinne. Chomh maith leis sin, tá Marion ina Comhordaitheoir Spóirt do Chomhpháirtíocht Spóirt Fhine Gall.

Féadtar dul i dteagmháil le Foireann Cultúir Chruthaithigh Fhine Gall ag creativefingal@fingal.ie

# Implementation
## FORFHEIDHMIÚ

Community partnership is the central to the Creative Fingal Programme and Fingal County Council will interact and communicate with key audiences in a range of ways, including:

- A Creative Fingal mailing list
- A communications plan spanning social and traditional media
- A Creative Fingal web page on the Council website www.fingal.ie with links from each Department and links to Creative Ireland programme website
- Through Fingal Public Libraries, Draoícht and Seamus Ennis Cultural Centre, Heritage Properties and Fingal Tourism
- Arts, Heritage, Culture & Community Strategic Policy Committee presentations
- The Fingal Public Participation Network updates via special interest groups including the Arts, Heritage, Culture and Community Linkage Group, Fingal Comhairle na nÓg, Fingal Senior Citizen's Forum, Fingal Ethnic network and Fingal Disability Network
- Chief Executive's Reports for County Council Meetings
- County heritage forum quarterly meetings
- Consultation meetings with stakeholders as required to facilitate sustained engagement and the creative conversation
- An Ideas Generator meeting between the Chief Executive and the business, enterprise and third level education sectors
- Interdepartmental Creative Fingal workshops

Tá comhpháirtíocht pobail ina chuid lárnach de Chlár Fhine Gall Ildánach agus beidh Comhairle Contae Fhine Gall ag idirghníomhú agus i gcumarsáid le spriocdhreamanna tábhachtacha ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear:

- Liosta Seachadta le haghaidh Fhine Gall Ildánach
- Plean cumarsáide ag cuimsiú na meán sóisialta agus traidisiúnta
- Leathanach gréasáin Fine Gall Ildánach www.fingal.ie le naisc ó gach Roinn agus naisc chuig suíomh gréasáin chlár Éire Ildánach
- Trí Leabharlanna Poiblí Fhine Gall, Draoícht agus Ionad Seamus Ennis, Maoin Oidhreachta agus Turasóireacht Fhine Gall
- Cur i láthair ón gCoiste um Beartas Straitéiseach maidir le hEalaíona, Oidhreacht, Cultúr & Pobal
- Eolas chun dáta ó Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Fhine Gall via grúpaí sainleasa lena n-áirítear an Grúpa Nascthachta um Ealaíona, Oidhreacht, Cultúr agus Cumarsáid, Comhairle na nÓg Fhine Gall, Fóram Sheanóirí Fhine Gall, líonra Eitneach Fhine Gall agus Líonra Míchumais Fhine Gall
- Tuairiscí an Phríomhfheidhmeannaigh do Chruinnithe na Comhairle Contae
- Cruinnithe ráithiúla fhóram oidhreachta an chontae
- Cruinnithe comhairliúcháin le páirtithe leasmhara chun éascú a dhéanamh ar an rannpháirtíocht leanúnach agus le comhairliúchán cruthaitheach
- Ginneadóir Smaointe idir an Príomhfheidhmeannach agus na hearnálacha gnó, fiontair agus tríú leibhéal
- Ceardlanna idirrannacha Fhine Gall Ilndánach



# Projects for 2017
## TIONSCADAIL LE HAGHAIDH 2017

### PROJECTS/INITIATIVES IN FINGAL DIRECTLY SUPPORTED/ENHANCED BY CREATIVE IRELAND 2017

**1. Cruinniú na Cásca, Easter gathering in Fingal**
Fingal County Council hosted a day of free family fun and creativity at Swords Castle for the inaugural Cruinniú na Cásca on April 17th, 2017. There was an opportunity to learn more about the history of Swords and its heritage sites, including Swords Castle, St. Columba's Round & Square Towers, St. Colmcille's Well, Peter Wilson's Bridge and the Carnegie Library, from the open top bus tours which ran on the day.

**2. The Creative Fingal Fund**
As part of the Creative Fingal Programme, Fingal County Council will support individuals and groups to develop initiatives that support culture and creativity in the community. The scheme will open for applications in late May 2017 and during 2017 €20,000 will be made available to fund this partnership approach spanning the county. A strand of the fund will support heritage and commemorations. From Late May 2017.

**3. Fingal, "In Creative Conversation"**
Over the period of the Creative Fingal Programme, Fingal County Council are keen to facilitate an on-going dialogue on creativity in Fingal among the community, creative practitioners and across a broad range of stakeholders in the arts, culture, heritage, sports, STEM and business sectors. Through the medium of film, these diverse conversations about creativity in Fingal

### TIONSCADAIL/TIONSCNAIMH I BHFINE GALL ATÁ DÍRITHE AR/FEABHSAITHE AG ÉIRE ILDÁNACH 2017

**1. Cruinniú na Cásca, Teacht le chéile um Cháisc i bhFine Gall**
Reáchtáil Comhairle Contae Fhine Gall lá spraoi don teaghlach ag Caisleán Shoird do chéad Chruinniú na Cásca ar an 17 Aibreán, 2017. Bhí an deis ann níos mó a fhoghlaim faoi stair Shoird agus faoin láithreáin oidhreachta, lena n-áirítear Caisleán Shoird, faoi Chloigtheach agus Túr Cearnógach St. Columba's, faoi Thobar Cholmcille, faoi Dhroichead Peter Wilson agus faoi Leabharlann Carnegie, ar an mbus gan díon a bhí ag taisteal timpeall ar an lá.

**2. Ciste Fhine Gall Ildánach**
Mar chuid de Clár Fhine Gall Ildánach, cuirfidh Comhairle Contae Fhine Gall tacaíocht ar fáil do dhaoine aonair agus do ghrúpaí chun tionscnaimh chultúir agus chruthaitheacha a fhorbairt sa phobal. Beidh an scéim oscailte do gach iarratas go déanach i mí Bealtaine 2017 agus le linn 2017. Cuirfear 20,000 ar fáil chun maoiniú a dhéanamh ar an gcur chuige comhpháirtíochta seo ar fud na tíre. Cuideoidh gné amháin den chiste le hoidhreacht agus le comórthaí ó dheireadh mhí Bealtaine 2017.

**3. Fine Gall, "I gComhrá Ildánach**
Thar thréimhse an Chláir Fine Gall Ildánach, tá sé beartaithe ag Comhairle Contae Fhine Gall éascú a dhéanamh ar an bplé leanúnach atá ann maidir le cruthaitheacht i bhFine Gall i measc an phobail, le cleachtóirí cruthaitheachta agus ar fud raon páirtithe leasmhara sna réimsí seo: na healaíona, cultúr, oidhreacht, spóirt, STEM agus gnó. Trí mhéan na scannánaíochta, is féidir na comhráite ilchineálacha

will be recorded and shared online and in stakeholder communications over the course of the five year programme. This will build a digital repository of the developing, dynamic and unique creative culture of Fingal and reflect the views of the diverse range of people involved in our creative conversation. 2017–2022.

seo faoin ildánacht a thaifeadadh i bhFine Gall agus a roinnt ar líne agus i bpobail na bpáirtithe leashara i gcaitheamh an chláir cúig bliana. Leis seo, tógfar an taisclann dhigiteach de chultúr forbraíochta, fuinniúil uathúil i bhFine Gall agus léireofar ann dearcthaí raon ilchineálach daoine atá i mbun an phlé chruthaithigh le linn 2017–2022.

**4. Fostering the creative potential of every child in Fingal**

As Fingal, has the youngest and fastest growing population in Ireland a key aspect of the Creative Fingal Programme will be to enhance existing programmes that help to build capacity to support creativity and develop new initiatives for young people. This process will start in 2017 with the following initiatives.

**4. Ag cothú acmhainn chruthaitheach gach linbh i bhFine Gall**

Sa mhéid go bhfuil an daonra is óige agus is tapúla fás in Éirinn ag Fine Gall, ar cheann de phríomhghnéithe an Chláir Fine Gall Ildánach tá feabhas á chur ar chláir reatha chun cuidiú tógáil ar an acmhainneacht agus tacú le cruthaitheacht agus tionscnaimh nua a fhorbairt do dhaoine óga. Tosóidh an próiseas seo in 2017 leis na tionscnaimh seo a leanas.

**5. Space Invaders**

Space Invaders returns to Farmleigh this May with a creative programme for children aged 0–5 years and their adults. Space Invaders recognises the importance of supporting the artistic learning, development and wellbeing of children, their carers and educators.

**5. Space Invaders**

Fillfidh Space Invaders ar Farmleigh i mí Bealtaine na bliana seo le clár cruthaitheach do leanaí san aoisghrúpa 0–5 bliana agus na daoine fásta atá leo. Sa chlár Space Invaders aithnítear an tábhacht a bhaineann le tacú le foghlaim, forbairt agus folláine chruthaitheach an linbh, a gcúramóirí agus a n-oideoirí.

**6. Songs for Our Children**

Fingal County Council will collaborate to deliver this song research, composition and performance project devised and coordinated by Aileen Lambert and Michael Fortune with the support of the Arts Council and Local Authorities. The intention is to create new engaging, age appropriate songs in various styles and topics, in the traditional style, creating a body of traditional songs to inspire our young generations to participate more in traditional singing. The completed songs will be performed by the singers at a premiere concert in the National Library of Ireland in December 2017. Following the premiere concert, each singer will present a singing workshop/presentation to an audience in a public venue such as a gallery, community centre or library (to be decided). Commences June 2017.

**6. Songs for Our Children**

Oibreoidh Comhairle Contae Fhine Gall i gcomhar le dreamanna eile chun an tionscadal seo a sholáthar mar a ndéantar taighde ar amhráin, amhráin a chumadh agus ansin iad a chasadh.Is iad Aileen Lambert agus Michael Fortune a cheap an tionscadal seo agus atá á chomhordú le tacaíocht ón gComhairle Ealaíon agus ó na hÚdaráis Áitiúla. Is éard atá beartaithe leis ná amhráin nua a chumadh, atá aois-oiriúnach, i stíleanna éagsúla agus ar théamaí éagsúla, ag cruthú bailiúchán amhrán chun inspioráid a thabhairt do na glúnta atá le teacht páirt níos mó a ghlacadh in amhránaíocht thraidisiúnta. Déanfaidh na hamhránaithe na hamhráin chríochnaithe a chasadh ag ceolchoirm i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann i mí na Nollag 2017. Tar éis na ceolchoirme sin, déanfaidh gach amhránaí ceardlann/cur i láthair a reáchtáil os comhair lucht féachana in ionad poiblí mar shampla i ngailearaí, in ionad pobail nó i leabharlann (le deimhniú). Cuirfear tús leis seo i mí an Mheithimh 2017.

**7. Library STEAM Programme**

Young people across Fingal will have access to the Library STEAM (Science, Technology, Engineering, Art and Maths) Programme, which includes Scratch workshops, Stop Go Motion workshops, Coding and 3D printing sessions, Bricks for Kids Lego, Arts and Crafts, Film Clubs and Photographic workshops and exhibitions. In addition, opportunities will be explored to provide access to maker spaces for young people, to facilitate diverse creative expression. Throughout 2017.

**7. An Clár Leabharlainne STEAM**

Beidh rochtain ag daoine óga ar fud Fhine Gall ar an gclár Leabharlainne STEAM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Ealaín agus Mata), a áiríonn na ceardlanna Scratch, na ceardlanna Stop Go Motion, seisiúin Chódaithe agus priontála 3D, Bricks for Kids Lego, Ealaíona agus Ceardaíocht, Clubanna Scannánaíochta, agus ceardlanna agus taispeántais Grianghrafadóireachta. De bhreis air sin, beidh deiseanna ann rochtain a sholáthar ar na spásanna cruthaitheachta do dhaoine óga, chun a n-acmhainn cruthaitheach a éascú. I gcaitheamh 2017.

## SUPPORTING CREATIVITY ACROSS THE COMMUNITY IN FINGAL

Fingal County Council Community Office are continually working to engage the community and will deliver the following initiatives in support of creativity and wellbeing in 2017.

**8. Fingal Statement of Wellbeing**
Fingal Public Participation Network (PPN) is Fingal's new framework for public engagement. It will provide the structure to facilitate the two way flow of information between the Local Authority and Community, Voluntary and Environmental groups. The network will enable residents of Fingal and community organisations to influence plans and policies for the future development of the County. The PPN are in the process of developing the Fingal Statement of Wellbeing. In partnership with the Institute of Technology, Blanchardstown, Fingal PPN will be conducting a series of workshops. These workshops, through the creative medium of story-telling, will explore what wellbeing means to residents of Fingal and are expected to act as a catalyst to promote further acts of wellbeing and creativity. Summer 2017.

**9. Fingal Community Group/ Person Awards Scheme**
Each year the Fingal County Council Community Office celebrates the dedication of groups and individuals that have made a difference in their community through the Fingal Community Group/ Person Awards scheme. A new Creative Ireland Award category could be included in the competition. November 2017.

## TACÚ LE CRUTHAITHEACHT AR FUD PHOBAL FHINE GALL

Tá Oifig Pobail Chomhairle Contae Fhine Gall ag obair go leanúnach chun tathant ar an bpobal a bheith páirteach sna tionscnaimh seo a leanas a thacaíonn le cruthaitheacht agus folláine in 2017.

**8. Ráiteas Fhine Gall maidir le Folláine**
Is éard is Líonra Rannpháirtíochta Fhine Gall (PPN) ann creat nua Fhine Gall don rannpháirtíocht phoiblí. Cuirfidh sé an struchtúr ar fáil chun éascú a dhéanamh ar shreabhadh déthreo na faisnéise idir an tÚdarás Áitiúil agus Grúpaí Pobail, Deonacha agus Comhshaoil. Cuideoidh an líonra le háitritheoirí Fhine Gall agus le heagreaíochtaí pobail tionchar a imirt ar phleananna agus ar bheartais d'fhorbairt an Chontae amach anseo. Is próiseas iad na líonraí chun Ráiteas Folláine Fhine Gall a fhorbairt. I gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir, déanfaidh PPN Fhine Gall sraith ceardlann a reáchtáil. Sna ceardlanna sin, trí mheán na scéalaíochta cruthaithí, déanfar a iniúchadh cad a shamhlaíonn áitritheoirí Fhine Gall is folláine ann, agus feidhmeoih sé mar a bheadh spreathóir do ghníomhartha eile folláine agus cruthaitheachta. Samhradh 2017.

**9. Grúpa Pobail Fhine Gall/An Scéim Dámhachtana Daoine**
Gach bliain déanann Oifig Pobail Chomhairle Contae Fhine Gall ceiliúradh ar dhíograis grúpaí agus daoine aonair agus difríocht á dhéanamh acu sa phobal. Ceiliúrann an Chomhairle é sin trí mheán na scéime Dámhachtana Grúpaí Pobail/ Daoine Aonair Fhine Gall. D'fhéadfaí catagóir nua a thabhairt isteach do Dhámhachtain Éire Ildánach sa chomórtas. Samhain 2017.



## COMMEMORATING FINGAL'S PART IN THE FIGHT FOR IRISH FREEDOM

As part of the Decade of Centenaries, Fingal County Council will pursue the following projects in 2017 under the commemorations strand of the Creative Fingal Programme.

**10. Thomas Ashe Commemoration**
In September 2017, Fingal County Council, as part of the Decade of Centenaries, will commemorate the hundred year anniversary of the death of Thomas Ashe, Commandant of the 5th Battalion, Fingal Brigade who fought in the Battle of Ashbourne in 1916. The Council will support the commissioning of a sculpture of Thomas Ashe in Lusk and Local Studies and Archives will mount an exhibition about Thomas Ashe. There will be a screening in Lusk of "Fingal's Finest", a film produced as part of the Fingal 1916 Centenary Programme and the Council will collaborate with the Department of Arts, Heritage, Regional, Rural and Gaeltacht Affairs and Glasnevin Trust on commemorations at national level.

**11. Naming and Commemorative Memorial Policy Committee**
The commemoration of significant historical events, anniversaries or people associated with or who have made important social, cultural or economic contributions to Fingal is supported by Fingal County Council. To assist with this Fingal County Council has developed a Naming and Commemorative Memorial Policy. The policy sets out a framework for the evaluation and approval of proposals for

## COMÓRADH AR AN BPÁIRT A GHLAC FINE GALL SA TROID AR SON SHAOIRE NA HÉIREANN

Mar chuid de na comórthaí céad bliain, tabharfaidh Comhairle Contae Fhine Gall faoi na tionscadail seo a leanas in 2017 faoi théama na gcomórthaí den Chlár Fhine Gall Ildánach.

**10. Comóradh Thomáis Ághais**
I mí Mheán Fómhair 2017, ghlacfaidh Comhairle Contae Fhine Gall, mar chuid de Dheich mBliana de Chomórthaí, páirt i gcomóradh céad bliain ó bhás Thomáis Áis. Ceannfort-Ghinearál ar an 5ú Cathlán, Briogáid Fhine Gall a throid i gCath Chill Dhéagláin i 1916. Tacóidh an Chomhairle le coimisiúnú a dhéanamh ar dhealbh de Thomás Ághas i Lusca agus reáchtálfaidh an rannóg um Staidéir Áitiúla agus Cartlainne taispeántas faoi Thomás Ághas. Taispeánfar an scannán "Fingal's Finest" i Lusca, ar scannán é a táirgeadh mar chuid de Chlár Chomórtha céad bliain 1916 agus oibreoidh an Chomhairle i gcomhar leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Réigiúnach, Tuaithe agus Gaeltachta agus le hIontaobhas Ghlas Naíon ar na comórthaí ar an leibhéal náisiúnta.

**11. An Coiste Beartais um Ainmniúchán agus Comórthaí**
Tacaíonn Comhairle Contae Fhine Gall le comóradh a dhéanamh ar imeachtaí suntasacha stairiúla agus ar na daoine atá bainteach leis na heachtraí sin, nó a rinne cion sóisialta, cultúrtha nó eacnamaíochta ar leith ar son Fhine Gall. Chun cuidiú le Comhairle Contae Fhine Gall bunaíodh Beartas um Ainmniúchán agus Comórthaí. Leagtar amach sa bheartas seo an creat trína ndéanfar meastóireacht agus faomhadh ar na tograí atá ann le haghaidh chur

the installation of commemorative plaques, memorials or monuments in public places and buildings; or the naming of certain types of public infrastructure to honour or celebrate individuals, groups or events of significance in Fingal. As a legacy to the Fingal 1916 Centenary Programme, the Council's Corporate Department will establish a Naming and Commemorative Memorial Policy Committee to oversee implementation of the policy.

in airde na bplaiceanna, na leac cuimhneacháin nó na séadchomharthaí comórtha in áiteanna agus i bhfoirgnimh phoiblí; nó ainmniú cineálacha áirithe bonneagair phoiblí in onóir do dhaoine, do ghrupaí nó d'imeachtaí suntasacha i bhFine Gall. Mar oidhreacht ó Chlár Comórtha Céad Bliain 1916 Fhine Gall, bhunaigh Roinn Chorparáideach na Comhairle Coiste um Beartas Ainmniúcháin agus Comóradh Cuimhneacháin chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an bheartais.

**12. The Fingal Decade of Centenaries Digital Repository**
This Digital Repository will be developed as a legacy of the 1916 Centenary Commemoration. The first Collection to be uploaded to this Digital Repository will be the scans taken at the three memorabilia days hosted by Fingal County Council as part of its 1916 Commemoration Programme. There are roughly 1500 scans of items including medals, photographs, objects and document brought by members of the public, relating to their family's/relatives participation in the events of the 1912-1922 period, both from Fingal and beyond. The scans have been itemised and catalogued onto a database, and permission is currently being sought from the private owners to publish the images of the items. Over time, other digitised collections could be added to this Digital Repository, from the archives.

**12. Taisclann Dhigiteach Fhine Gall de Dheich mBliana de Chomórthaí**
Déanfar an Taisclann Dhigiteach a fhorbairt mar oidhreacht ar Chomórdh Céad Bliain 1916. Déanfar an chéad Bhailiúchán a uaslódáil chuig an Taisclann Dhigiteach agus is éard a bheidh ann ábhar scanta de thrí cinn de mhíreanna cuimhneacháin agus déanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall óstáil air sin. Tá tuairim is 1500 mír scanta ann lena n-áirítear boinn, grianghraif, réada agus doiciméid arna gcur ar fáil ag baill den phobal le linn imeachaí sa tréimhse 1912-1922, ó Fhine Gall agus ó áiteanna eile. Táthar tar éis miondealú agus catalógú a dhéanamh ar na míreanna scanta ar bhunachar sonraí, agus tá cead á lorg faoi láthair ó úinéirí príobháideacha na híomhánna a fhoilsiú. Le caitheamh ama, féadfar bailiúcháin dhigiteacha eile a chur leis an Taisclann Dhigiteach seo, ó chartlanna eile.



# Promotional Events 2017
## IMEACHTAÍ POIBLÍOCHTA 2017

### PROJECTS PROMOTING CREATIVITY IN 2017

Here is a taste of some of the programming, events and initiatives planned for 2017 that will provide opportunities for culture and creativity across Fingal. Full details of the evolving Creative Fingal Programme will be made available at www.fingal.ie throughout 2017.

### TIONSCADAIL IN 2017 CHUN AN CHRUTHAITHEACHT A CHUR CHUN CINN

Seo a leanas roinnt samplaí de na cineálacha clár, imeachtaí agus tionscnamh atá beartaithe le haghaidh 2017 a chuirfidh deiseanna cultúir agus cruthaitheachta ar fáil ar fud Fhine Gall. Cuirfear sonraí iomlána an Chláir Fine Gall Ildánach ar fáil ar www.fingal.ie i gcaitheamh 2017.

**Fingal Arts Centres**
Draíocht Arts Centre and the Seamus Ennis Arts Centre, both funded through the Arts Office and owned by Fingal County Council, produce year-round programmes of events and performance, exhibitions and educational programmes. Both Arts Centre are beacons of culture and creativity and act as hubs of creativity for all communities in Fingal. For details of the diverse, richly creative programmes on offer visit www.draiocht.ie and www.tseac.ie.

**Ionaid Ealaíon Fhine Gall**
Cuireann Ionad Ealaíon Draíocht agus Ionad Ealaíon Seamus Ennis, iad araon maoinithe ag an Oifig Ealaíon agus faoi úinéireacht Chomhairle Contae Fhine Gall, cláir d'imeachtaí agus de léirithe, de thaispeántais agus de chláir oideachais ar fáil le linn na bliana. Is lárionaid iad an dá Ionad Ealaíon don chultúr agus don chruthaitheacht agus feidhmíonn siad mar a bheadh moil na cruthaitheachta do phobail uile Fhine Gall. Le haghaidh tuilleadh sonraí faoi na cláir ilchineálacha, atá saibhir ó thaobh na cruthaitheachta de téigh chuig www.draiocht.ie agus www.tseac.ie.

**Fingal Arts Office**
*Supports for Professional Artists*
The Arts Office will continue to offer support to professional artists in a range of ways:

- **Artist's Support Scheme**
  Allows for professional artists to avail of an award towards travel/professional development opportunities, a residency, or towards the development of work.
- **Amarch Fhine Gall 2016 & What Next?**
  Supports Fingal's recent Arts College graduates by offering an opportunity to feature in an annual curated exhibition in

**Oifig Ealaíon Fhine Gall**
*Tacaí le haghaidh Ealaíontóirí Gairmiúla.*
Leanfaidh an Oifig Ealaíon air ag soláthar tacaíochta d'ealaíontóirí gairmiúla ar raon bealaí éagsúla:

- **An Scéim Tacaíochta d'Ealaíontóirí**
  Faoin séim seo is féidir le healaíontóirí gairmiúla leas a bhaint as deiseanna taistil/forbartha gairmiúla, nó seal a chaitheamh mar ealaíontóir cónaithe, nó deiseanna a thapu chun a gcuid oibre a fhorbairt.
- **Amarch Fhine Gall 2016 & What Next?**
  Faoin scéim seo cuirtear tacaíocht ar fáil do chéimithe ó Choláiste Ealaíon Fhine Gall trí

Draíocht, Blanchardstown.

- **Graphic Studio Award**
  This residency offers one emerging or established artist the opportunity to make a fine art print with the master printer at Graphic Studio Dublin.
- **VAI Professional Training & Development Professional Development**
  Fingal Arts Office and Visual Arts Ireland (V.A.I. the professional body representing professional Artists) have entered into a partnership to host events for the career development of artists in Fingal.
- **Fingal County Council Royal Hibernian Academy (RHA) Postgraduate Award**
  Fingal Arts Office in partnership with the RHA School offer an opportunity of a funded studio space to a professional artist for the period of one year.
- **Block T Graduate Award**
  Fingal Arts Office and BLOCK T offer a Graduate Award as part of FUEL, Block T's Visual Arts Programme dedicated to the support and professional development of recent graduates.

dheiseana a sholáthar dóibh a saothair a chur ar taispeáint in ionad Draíocht, Baile Bhlainséir.

- **Gradam Graphic Studio**
  Sa tréimhse chónaitheach seo cuirtear an deis ar fáil d'ealaíontóir amháin atá ag teacht chun cinn nó ealaíontóir seanbhunaithe prionta mínealaíne a sholáthar faoi scáth máistirealaíontóra ag Graphic Studio Dublin.
- **Oiliúint & Forbairt Ghairmiúil le VAI**
  Bunaíodh comhpháirtíocht idir Oifig Ealaíon Fhine Gall agus Visual Arts Ireland (is é V.A.I. an comhlacht gairmiúil a dhéanann ionadaíocht ar Ealaíontóirí gairmiúla) chun imeachtaí a reáchtáil d'fhorbairt ghairme ealaíontóirí i bhFine Gall.
- **Gradam Iarchéime Acadamh Ibeirneach Ríoga Chomhairle Contae Fhine Gall**
  Deis í seo a chuireann an Oifig Ealaíon ar fáil i gcomhpháirtíocht le Scoil RHA chun spás stiúidó maoinithe a sholáthar d'ealaíontóir gairmiúil ar feadh tréimhse bliana.
- **Gradam Iarchéime Block T**
  Cuireann Oifig Ealaíon Fhine Gall agus BLOCK T an Gradam Iarchéime seo ar fáil mar chuid de FUEL, Clár Físealaíne Block T a bhfuil mar aidhm leis tacaíocht agus forbairt ghairmiúil a sholáthar do dhaoine a bhain céim amach le déanaí.

## ARTS OFFICE PROGRAMMES

### Everything is in Everything

Everything is in Everything is a collaborative commission with artist Clodagh Emoe and 4th year students at Hartstown Community School in Blanchardstown, Dublin 15. Curated by Cleo Fagan, curator of Superprojects, the commission is funded by the Arts Council of Ireland, with additional support provided by Fingal Arts Office. The project takes place over 11 weeks and has two stages. The first is characterised by focused artistic research the students are engaged in research trips to exhibitions at IMMA and the RHA, a workshop with writer Sue Rainsford and a discussion with Visual Thinking Strategies facilitator Liliane Puthod. The next phase of the commission is experimental and workshop based. It is led by the phrase 'Everything is in Everything' by French educationalist Joseph Jacotot. The phrase is intended to conceptually guide the students in the development of their collaborative work. The public outcome of the project is a collaborative artwork that will likely be either a group performance or installation. The process and the outcome of the work will be documented on film and edited into a final piece to be exhibited. Superprojects is an initiative for young audiences that generates possibilities for creative encounters with contemporary art and artists. Annual programme, on-going.

## CLÁR NA HOIFIGE EALAÍON

### Everything is in Everything

Comhchoimisiún é seo leis an ealaíontóir Clodagh Emoe agus mic léinn an 4ú bliain ag Scoil Phobail Bhaile an Hartaigh i mBaile Blainséir, Baile Átha Cliath 15. Is í Cleo Fagan an coimeádaí don tionscadal, atá ina coimeádaí le haghaidh Superprojects, an coimisiún arna mhaoiniú ag Comhairle Ealaíon na hÉireann, le tacaíocht sa bhreis ó Oifig Ealaíon Fhine Gall. Reáchtáiltear an tionscadal thar thréimhse 11 seachtaine agus tá dhá chéim ann. Sa chéad chéim déantar an taighde a dhíriú ar mhic léinn atá i mbun turais taighde chuig taispeántais ag IMMA agus RHA, ceardlann leis an scríbhneoir Sue Rainsford agus plé leis an éascaitheoir Straitéisí na Smaointeoireachta Físe Liliane Puthod. Tá an dara céim den choimisiún trialach agus ceardlannbhunaithe. Reáchtálann an t-oideoir Francach Joseph Jacotot é faoin téama 'Everything is in Everything' . Is éard is cuspóir don nath seo ná treoir choincheapúil a thabhairt do mhic léinn agus iad ag forbairt a saothar comhoibritheach. Is é toradh poiblí an tionscadail saothar ealaíne comhchruthaitheach a bheith i bhfoirm léirithe i ngrúpa nó léiriú i bhfoirm míre atá suiteáilte. Déantar próiseas agus toradh na hoibre a dhoiciméadú mar scannán agus déantar eagarthóireacht ar an saothar deiridh le gur féidir é a chur ar taispeáint. Is tionscnamh é Superprojects do spriocdhream óg a ghineann deiseanna dóibh teagmhálacha tráchtála a chothú le hearnáil na healaíne agus le healaíontóirí comhaimseartha. Clár bliantúil, leanúnach.

### Invitation to Collaboration

Fingal County Council in partnership with South Dublin, Dublin City & Dun Laoghaire-Rathdown County Councils were successful with their application for a new Early Years Arts Commission and Engagement programme through the Arts Council's An Invitation to Collaboration Scheme. The commission places children and young people at the heart of cultural provision in Dublin. It aims to support artistic ambition in the research and development of new work in early childhood which can be presented in different contexts – including festival, professional arts space, library and childcare setting. The partners wish to reach new

### Invitation to Collaboration

Is comhpháirtíocht í seo idir Comhairle Contae Fine Gall agus Comhairle Contae Átha Cliath Theas agus Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth a Dúin. I gcomhar lena chéile d'éirigh lena n-iarratas a chuir siad faoi bhráid an Choimisiúin um Ealaíon na Luathbhlianta agus na Rannpháirtiochta tríd mheán na scéime ag an gComhairle Ealaíon dar teideal An Invitation to Collaboration. Cuireann an coimisiún leanaí agus daoine óga ag croílár an tsoláthair chultúrtha i mBaile Átha Cliath. Tá sé mar aidhm leis an scéim tacú leis an uaillmhian sa taighde agus san fhorbairt ar shaothair nua sna blianta luath den óige agus is féidir iadsan a chur i láthair i gcomhthéacsanna éagsúla – lena -áirítear spás d'fhéilte agus d'ealaín ghairmiúl, sa

childhood audiences; Stimulate dialogue between Dublin Local Authorities and with artists, early childhood educators and organisations; Build on current research investigating practice across artforms, professional discipline and contexts; Generate advocacy in early childhood arts. Date to be confirmed.

leabharlann agus i suíomh cúraim leanaí. Is mian leis na comhpháirtithe teacht ar lucht féachana nua óg; plé a spreagadh idir Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath agus ealaíontóirí, oideoirí agus eagraíochtaí na luathbhlianta; tógáil ar an taighde reatha agus breathnú ar an gcleachtas ar fud na gcineálacha éagsúla ealaíne, disciplíní agus comhthéacsanna gairmiúla; stocaireacht a mhúscailt ar son ealaíon sna luathbhlianta. Dáta le dearbhú.

### Artful Dodgers

Artful Dodgers is an early years music and visual arts programme that commenced in September 2013. The programme is located in two community crèche services in Fingal and is pioneered by Fingal County Council's Arts Office, artists Jackie Maguire and Naomi Draper, Fingal County Childcare Committee and Ros Eo and Little Learners crèche services. Artful Dodgers was delivered in three phases - 'artist in residence programme', 'creative exchange programme', and 'parental involvement programme'. Given the unique nature of Artful Dodgers, it has been monitored and evaluated by Trinity College Dublin Arts Education Research Group since 2013. The research team have been particularly interested in exploring the programme's capacity to enhance the children's early literacy and numeracy development and if Artful Dodgers as a model can build the capacity of the early years teachers to embed music and the visual arts in their setting. The project has presented at international symposiums. Annual programme, on-going.

### Artful Dodgers

Is clár ceoil agus amharcealaíne é seo ar cuireadh tús leis i mí Mheán Fómhair 2013. Tá an clár lonnaithe in dhá sheirbhís creise i bhFine Gall agus seo a leanas na daoine agus na dreamanna a bhunaigh é: Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Fhine Gall, na healaíontóirí artists Jackie Maguire agus Naomi Draper, Coiste Cúraim Leanaí Chontae Fhine Gall agus seirbhísí creise Ros Eo agus Little Learners. Reáchtáladh Artful Dodgers i dtrí chéim - 'an clár ealaíontóirí cónaithe', 'an clár um malartú cruthaitheach', agus 'an clár um rannpháirtíocht tuismitheoirí'. Sa mhéid gur clár uathúil é Artful Dodgers, rinne Grúpa Taighde Oideachais Choláiste na Tríonóide monatóireacht agus meastóireacht air ó bhí 2013 ann. Bhí spéis ar leith ag an bhfoireann taighde iniúchadh a dhéanamh ar acmhainneacht an chláir feabhas a chur ar litearthacht agus uimhearthacha leanaí agus a fháil amach an bhféadfadh Artful Dodgers feidhmiú mar shamhail ar a bhféadfaí acmhainneacht na múinteoirí luathbhlianta a thógáil chun ceol agus na hamharcealaíona a leabú ina suíomh féin. Táthar tar éis cur i láthair a dhéanamh ar an tionscadal seo ag siompóisiaim idirnáisiúnta. Clár bliantúil, leanúnach.



### Room 13 Inquiry

Room 13 Inquiry is a collaborative art education programme that assists schools in Fingal to investigate the concept of hosting an art studio for their students. It is inspired by the renowned Room 13 International project and includes the provision of dedicated art studio space and an artist-in-residence in each school. In addition, a series of programmed visits to artists' studios & exhibitions are scheduled for the students to engage with contemporary art in different contexts. Each school studio operates differently and is responsive to the interests, needs and imaginations of the children and artists involved. The studios act as a space where people can share ideas, expertise, facilities, and responsibilities and make art during the school day. The development of pupils' entrepreneur and enterprise skills is an important element of the programme. Annual programme, on-going.

### Room 13 Inquiry

Seo clár comhoibritheacht a chuidíonn le scoileanna i bhFine Gall iniúchadh a dhéanamh ar an gcoincheap stiúideo ealaíne a bheith ann dá mic léinn. Fuair sé a inspioráid ón tionscadal idirnáisiúnta cáiliúil Room 13 agus áirítear ann spás stiúideo tiomnaithe a sholáthar agus ealaíontóir cónaithe i ngach scoil. Chomh maith leis sin, tá sé beartaithe sraith clár a reáchtáil de chuairteanna ó ealaíontóirí cónaithe agus de thaispeántais ionas gur féidir le mic léinn teagmháil a bheith acu le réimhse na healaíne comhaimseartha i gcomhthéascanna éagsúla. Feidhmíonn gach scoil ar bhealach éagsúil agus bíonn siad sofhreagrach do spéiseanna, do riachtanais agus do shamhlaíocht gach linbh agus gach ealaíontóra atá páirteach ann. Feidhmíonn na stiúideonna mar spás chun smaointe, saineolas, saoráidí agus freagrachtaí a roinnt agus ealaín a chruthú le linn an lae scoile. Tá forbairt scileanna fiontraíochta agus fiontraí na mac léinn ina ghné thábhachtach den chlár. Clár bliantúil, leanúnach.

### Musician in Residence Programme

Fingal Arts Office supports local primary schools working to initiate and develop music education programmes for their pupils through the Musician in Residence Programme. This initiative provides financial support to schools to obtain a musician-in-residence. A musician-in-residence is a professional musician with a qualification in music and experience of working with children, who delivers regular music lessons to the children within the school day. Annual programme, on-going.

### An Clár Ceoltóir Cónaithe

Tacaíonn Oifig Ealaíon Fhine Gall le bunscoileanna áitiúla obair chun tús a chur le cláir oidechais faoin gceol dá mic léinn trí mheán an Chláir Ceoltóir Cónaithe. Faoin tionscnamh seo cuireadh tacaíocht airgeadais ar fáil do scoileanna íoc as ceoltóir cónaithe. Is éard is ceoltóir cónaithe ann ceoltóir gairmiúil atá cáilithe sa cheol agus a bhfuil taithí aige nó aici a bheith ag obair le leanaí, a chuireann ceachtanna rialta ceoil ar fáil do leanaí le linn an lae scoile. Clár bliantúil, leanúnach

**The Fingal Public Art Programme—Infrastructure 2017–2021**

The Fingal Public Art Programme—Infrastructure 2017–2021, will provide a number of routes to public participation and engagement in the arts, including community projects, peoples purchase, with a potential to strengthen a reputation at home and abroad. Infra-structure is Fingal County Council's Public Art Programme 2017 - 2021. The commission opportunities are offered to artists and communities in four strands.

- Public Art Awards are "flagship" commissions that have the potential to be nationally and internationally significant, which represent Fingal and its communities, through ambitious and forward thinking ideas as appropriately represented through the full range of artforms.
- Co-Productions is a strand which encourages artists to work together with communities, either with existing or with the creation of "communities of interest". The public art selection panel, through the Arts Office, will identify or «match make» artists with specific groups or potential communities while giving time for incubation and to build relationships.
- Peoples Purchase involves allocation of funding by Fingal County Council to initiate a "community collection". Artists are invited to submit images of work for the potential of this collection, the work will be available to view by community groups and activated at different viewing sessions, which will encourage discussion on the work and its suitability to become part of a local public meeting place which will to be enjoyed by everybody.

**An Clár um Ealaín Phoiblí Fine Gall—Infrastructure 2017–2021**

An Clár um Ealaín Phoiblí Fine Gall—Infrastructure 2017–2021, faoin gclár seo cuirfear roinnt bealaí ar fáil chun tabhairt faoin rannpháirtíocht phoiblí sna healaíona, lena n-áirítear tionscadail phobail, peoples purchase, leis an deis daingniú ar an dea-cháil sa tír seo agus thar sáile. Is é Infra-structure Clár um Ealaín Phoibí Fhine Gall 2017 - 2021. Cuirtear deiseanna an choimisiúin seo ar fáil d'ealaíntóiri agus do phobail faoi cheithre cinn de shnáithe.

- Na Gradaim um Ealaín Phoiblí atá ina choimisiúin "ceannródaíochta" a bhfuil sé de chumas aige a bheith suntasach go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, a dhéanann ionadaíocht ar Fhine Gall agus a phobail, trí smaointe uaillmhianacha réamhbhreathnaitheacha a léirítear mar is iomchuí trí raon iomlán foirmeacha ealaíne.
- Comhtháirgeacht – seo snáithe trína spreagtar ealaíontóirí obair lena chéile le pobal, bíodh sin le pobail atá ann cheana féin nó trí "phobail sainleasa" a bhunú. Déanfaidh an painéal um roghnú ealaíne poiblí, trí mheán na hOifige Ealaíon, ealaíontóirí a shainaithint nó a "mheaitséail" le grúpaí ar leith nó le pobail fhéideartha agus tabharfaidh sé sin am le go gcothófaí agus go ndaingneofaí caidrimh.
- Is éard atá i gceist le Peoples Purchase maoiniú a leithdháileann Comhairle Contae Fhine Gall chun tús a chur le "bailiúchán pobail". Tugtar cuireadh d'ealaíontóirí iomhánna dá saothaoir a chur faoi bhráid an phainéil leis an bhféidearthacht go n-áireofaí iad sa bhailiúchán, agus beidh an saothar a roghnaítear ar taispeáint le gur féidir le grúaí pobail breathnú air ag seisiúin breathnadóireachta éagsúla, agus spreagfaidh sé seo plé maidir leis an saothar agus a oiriúnacht chun é a bheith ina chuid de spás tionóil poiblí ar féidir le gach duine leas a bhaint as.



